Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City Local Community Development Committee

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

# Scéim Deontais Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath – Feabhra 2026

## Treoirlínte agus Téarmaí agus Coinníollacha



**Léigh na treoirlínte agus téarmaí agus coinníollacha seo a leanas go cúramach, le do thoil, sula líonfaidh tú amach an fhoirm iarratais ar líne le haghaidh Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026.**

Tá an t-eolas a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo ceaptha chun tuiscint a thabhairt d'iarratasóirí féideartha ar an bpróiseas trína ndéantar iarratais ar mhaoiniú a mheasúnú agus a fhaomhadh, agus ní mhaítear gur léirmhíniú dlíthiúil atá ann.

### Réamhrá

Cuireann **An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ)** maoiniú ar fáil chun tacú le costais chaipitiúla eagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach atá lonnaithe in Éirinn.
Má éiríonn lena n-iarratas agus má fhaomhtar an íocaíocht deontais, ceanglófar ar iarratasóirí na hearraí faofa a cheannach agus/ nó na hoibreacha a chur i gcrích sula dtarraingítear an deontas anuas ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ní íocfar maoiniú deontais leis an iarratasóir go dtí go gcuirfear na nithe seo a leanas faoi bhráid Foirne Riaracháin CFPÁ agus go mbeidh na nithe seo dearbhaithe acu:

1. Cruthúnas íocaíochta (admhálacha nó sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí);

2. Tuarascáil, le grianghraif, maidir leis na hearraí a ceannaíodh agus/nó na hoibreacha a cuireadh i gcrích;
3. Fianaise go ndearnadh na hearraí agus/ nó na hoibreacha a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair CCBÁC (féach leathanach 12).

Tá an scéim deontais CFÁ don bhliain 2026 difriúil le blianta eile. Ní aisíocann an scéim le hiarratasóirí ach i gcás earraí a cheannaigh siad agus/ nó oibreacha a chuir siad i gcrích tar éis don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta na hiarratasóirí ar éirigh leo a fhógairt. Cuirfidh Foireann Riaracháin CFPÁ na grúpaí a n-éiríonn leo ar an eolas ag an am sin.

Tá an **CFÁ** maoinithe ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (An Roinn). D'fhógair an tAire é ar an 5 Nollaig 2025 agus tá sé á riar ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁnna) i ngach Limistéar Údaráis Áitiúil.
Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do gach limistéar Údaráis Áitiúil (ÚÁ) agus ansin riarann na CFPÁnna an maoiniú sin go háitiúil lena chinntiú go ndíreofar an maoiniú ar bhealach cuí le dul i ngleic le míbhuntáistí áitiúla sna limistéir is mó ina bhfuil sé de dhíth.

Tá an CFÁ dírithe ar sholáthar maoinithe le haghaidh costais chaipitiúla d'eagraíochtaí nó do ghrúpaí neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach amháin atá lonnaithe in Éirinn, go háirithe i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá €656,750.42 dáilte ag an Aire ar Chathair Bhaile Átha Cliath faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil 2026.

Tá an Clár i gCathair Bhaile Átha Cliath á riar ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC).

## Aidhm Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026

Is é aidhm an mhaoinithe ná tacú le heagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach atá lonnaithe in Éirinn agus atá ag lorg maoinithe le haghaidh **costais chaipitiúla.**

Ní mór a léiriú sna hiarratais conas a chuirfidh an maoiniú le Sprioc 4 de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029:

*'Pobail na Cathrach a chur chun cinn agus a chothú le go mbeidh siad níos inbhuanaithe, níos rathúla, níos sábháilte, níos láiche, níos fáiltí agus níos ionchuimsithí'.*

Tá tuilleadh eolais faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029 ar fáil anseo: Maidir le PÁEP 2024-2029

Cuireann CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath, faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026, fáilte roimh iarratais ar an maoiniú sin.

## Cáilitheacht

- Ní mheasfar ach iarratais ó eagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúsacha, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil phoiblí atá lonnaithe in Éirinn.

- **Níl** eagraíochtaí trádála, daoine aonair ná eagraíochtaí brabúis incháilithe le haghaidh maoiniú faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026.
- Ní mór d'eagraíochtaí/ do ghrúpaí a bheith cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath. Ní mór uimhir LRP uathúil a bheith ag gach grúpa/eagraíocht a chuireann iarratas isteach. Is féidir le baill atá cláraithe le LRP a n-uimhir LRP a aimsiú anseo: https://dublincityppn.ie/members/. Chun iarratais a chur isteach amach anseo, is féidir le do ghrúpa/eagraíocht clárú le LRP Chathair Bhaile Átha Cliath ag: https://dublincityppn.ie/join.
- Ní mór do gach iarratasóir na Téarmaí agus Coinníollacha, mar a leagtar amach in Aguisín 1 iad, a chomhlíonadh.
- Agus an fhoirm iarratais seo á cur isteach agat, ceanglaítear ort dearbhú a dhéanamh go dtuigeann tú Téarmaí agus Coinníollacha Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 go hiomlán, go nglacann tú leis na Téarmaí agus Coinníollacha sin agus go gcomhlíonfaidh tú iad.
- Caithfear na hearraí ar fad a cheannach agus/ nó na hoibreacha ar fad a chur i gcrích faoin 31 Deireadh Fómhair 2026.
- Ní féidir earraí a cheannach agus/nó oibreacha a dhéanamh sula bhfógraíonn an Roinn go hoifigiúil na tionscadail ar éirigh leo.

## An Maoiniú atá ar Fáil

- Is é méid iomlán an mhaoiniúcháin atá ar fáil faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 le haghaidh costas caipitiúil ná €667,826.00. (Leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta €656,750.42, agus maoiniú €11,075.58 á thabhairt ar aghaidh ó bhabhtaí maoinithe roimhe seo).
- Tá maoiniú ar fáil suas le huasdeontas €25,000.
- Ní mór méid an mhaoinithe a theastaíonn a shonrú ar an iarratas agus fianaise na gcostas a chur san áireamh. Déan cinnte go n-áirítear CBL le fianaise an chostais.
- Ceadaítear maoiniú meaitseála ó fhoinsí eile ach ní ceanglas é faoin gClár.
- Glacfar le meastachán scríofa nó asphrionta ó shuíomh gréasáin soláthraí mar fhianaise ar chostais chaipitiúla chun d'iarratas a chur isteach. **Ní ghlacfar le nasc chuig suíomh gréasáin**.
- Má fhaigheann an obair/ an tionscadal maoiniú páirteach ó fhoinse eile, lena n-áirítear cistí an iarratasóra féin, beidh ar na hiarratasóirí fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil maidir leis an maoiniú a chumhdóidh an t-easnamh, i bhfoirm ráiteas bainc, etc**.** a chaithfear a chur isteach leis an iarratas.

## Amlíne

- Is é an spriocdháta le hiarratais a chur isteach ná **13.00** ar an **27 Feabhra 2026.**
- Táthar ag súil go ndéanfaidh CFPÁ cinneadh i **mí Aibreáin 2026.** Cuirfear iarratasóirí ar an eolas maidir leis na cinntí le linn ráithe 2 de 2026.
- Caithfear na hearraí ar fad a cheannach agus/ nó na hoibreacha ar fad a chur i gcrích faoin **31 Deireadh Fómhair 2026.**
- Caithfear na nithe seo a leanas a chur isteach faoin **30 Samhain 2026:**
    - Cruthúnas íocaíochta (admhálacha nó sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí)
    - Fianaise go ndearnadh na hearraí agus/ nó na hoibreacha a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair CCBÁC

    - Tuarascáil, le grianghraif, a léiríonn conas a chuaigh an maoiniú chun tairbhe an ghrúpa/ na heagraíochta.
- Ní fhéadfar maoiniú a tharraingt anuas go dtí go mbeidh na nithe ar fad atá thuas curtha faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Caithfear aon mhaoiniú a tharraingt anuas faoin **18 Nollaig 2026**. Rachaidh aon mhaoiniú nach dtarraingítear anuas faoin **18 Nollaig 2026** ar ais chuig an Roinn.
- Ní mheasfar ach foirmeacha iarratais atá líonta amach go hiomlán agus sínithe, agus na doiciméid tacaíochta a ghabhann leo, a sheoltar trí ríomhphost chuig lcdc@dublincity.ie faoi **13.00 ar an Aoine 27 Feabhra, 2026.**

## Samplaí de Chostais Chaipitiúla

- Trealamh le haghaidh úsáid phobail (amhail garraíodóireacht, spraoi, áineas, TF, spóirt, oiliúint/oideachas, sláinte agus sábháilteacht)
- Troscán, feistis agus fearais le húsáid ag an bpobal (e.g. boird, soilse LED, cuisneoir, citeal)
- Forbairt nó athchóiriú foirgnimh, áitribh nó saoráide pobail (e.g. rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, doirse dóiteáin, córas téimh atá tíosach ar fhuinneamh, fuinneoga, insliú, áis spóirt, club óige, seomra cruinnithe, ceaintín/cistin, saoráidí folctha, seomraí na gcéadfaí)
- Cothabháil foirgnimh, áitribh nó saoráide pobail (e.g. deisiúcháin ar an díon, deisiúcháin ar an tsíleáil, athsholáthar urlárlaigh, péinteáil, domhainghlanadh aonuaire, cothabháil lasmuigh)
- Eile (tabhair sonraí)

Tabhair faoi deara gur mian leis an CFPÁ iarratasóirí a spreagadh le hiarratais a chur isteach maidir le hearraí caipitiúla atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don timpeallacht agus a thacaíonn le pobail áitiúla agus le fiontair shóisialta tríd an bhfeachtas “Buy Social”. Mar shampla, b’fhearr leis an gcoiste iarratais a fhaomhadh le haghaidh ríomhairí glúine athchóirithe arna soláthar trí fhiontar sóisialta ná cinn nua ó chuideachta ilnáisiúnta, nó foireann bord agus cathaoireacha athchúrsáilte nó arna bhfoinsiú go hinbhuanaithe ó shiopa carthanais áitiúil ná cinn nua ó shiopa troscáin mór.

Le tuilleadh eolais a fháil, féach an feachtas “Buy Social” agus eolaire ar líne de chuid Líonra Fiontar Sóisialta na hÉireann https://buysocial.ie/directory/

Ní mór gach earra a cheannaítear agus/ nó aon obair a dhéantar faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 a fhoinsiú/a cheannach ó sholáthraí Eorpach.

Glacfar le meastachán scríofa nó asphrionta ó shuíomh gréasáin soláthraí mar fhianaise ar chostais chaipitiúla chun d’iarratas a chur isteach. **Ní** ghlacfar le nasc chuig suíomh gréasáin.

## Samplaí de chaiteachas atá neamh-incháilithe le haghaidh maoiniú faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026

Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe le haghaidh maoiniú:
- Tionscadal ar bith nach bhfuil i gcomhréir le héiteas an Chláir
- Costais fostaíochta
- Táillí dlí
- Táillí bainistíochta tionscadail
- Ceannach tailte nó foirgneamh
- Staidéir féidearthachta agus pleananna straitéiseacha

- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála
- Costais atá á n-íoc ag maoinitheoir nó ag roinn eile
- Billí fóntais
- Clubanna Spóirt ag cur iarratas isteach ar threalamh spóirt
- Costais ghinearálta oibriúcháin
- Éascú ranganna/ceardlann
- Tionscadail nó seirbhísí nach gcuirtear i gcrích laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus/nó nach dtéann chun tairbhe dóibh siúd atá ina gcónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## Ceadanna Reachtúla

Nuair atá sé i gceist agat oibreacha tógála a chur i gcrích, forbairtí ar mhionscála san áireamh, amhail póirse, síneadh nó bothán, ní mór a léiriú go bhfuil na ceadanna ábhartha faighte agaibh nó gur chloígh sibh leis na rialacháin ábhartha. Mar shampla, tá seans go mbeidh gá le cead pleanála, Fógra Tosaithe, Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán nó Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Má tá na hoibreacha díolmhaithe, tá seans go n-iarrfar ort cruthúnas a chur isteach maidir le díolúine na n-oibreacha, ar nós Deimhniú Díolúine Alt 5.

Is ar úinéir an fhoirgnimh nó na n-oibreacha, agus ar aon tógálaí nó dearthóir atá fostaithe ag an úinéir, i gcónaí atá an fhreagracht cloí le ceanglais na rialachán pleanála agus tógála. Má tá cead agus/nó doiciméid chomhlíontachta de dhíth ort, ní mór iad a bheith i bhfeidhm faoin am a gcuirfidh tú an t-iarratas isteach ar CFÁ Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2026.

Ní mór sonraí a chur isteach maidir le ceadanna, díolúine agus comhlíontacht leis an iarratas atá agat mar fhianaise bhreise. Le comhairle shonraithe a fháil maidir le cead pleanála agus comhlíontacht rialaithe tógála, cliceáil anseo https://www.dublincity.ie/residential/planning. **Tabhair faoi deara: má tá na hoibreacha atá beartaithe le déanamh ar fhoirgneamh pobail nó ar fhoirgneamh leathphoiblí eile, i.e. foirgneamh nach teach duine é, tá seans nach mbeidh na gnáthdhíolúintí maidir le póirsí/botháin etc. i bhfeidhm.**

Má tá tú ag cur iarratas isteach ar mhaoiniú a úsáidfear chun athrú ábhartha a dhéanamh ar réadmhaoin/talamh príobháideach nó poiblí ar aon bhealach agus NACH le do ghrúpa an talamh/an réadmhaoin sin, beidh toiliú i scríbhinn ón úinéir talún/maoine ag teastáil chomh maith le deimhniú go bhfuil na ceadanna cuí faighte, más infheidhme. Mar shampla, b’fhéidir gur mhaith libh binse nó bord fichille a shuiteáil i bpáirc de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sa chás sin, caithfear toiliú scríofa ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur isteach mar fhianaise bhreise chun tacú le bhur n-iarratas. Sa sampla sin, bheadh gá le ráiteas tacaíochta ó Sheirbhísí Páirceanna, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le hindéantacht an togra.

## Critéir Roghnaithe

Caithfear go cothrom agus go neamhchlaonta le gach iarratas ar mhaoiniú a gheobhaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026. Déanfaidh Fochoiste Maoiniúcháin an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na hiarratais a mheasúnú agus cuirfear moltaí faoi bhráid Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina n-iomláine lena meas agus lena bhfaomhadh. Déanfar na hiarratais a mheas chun cothromaíocht thíreolaíoch a chinntiú i ndáileadh an mhaoinithe ar ghrúpaí agus/nó tionscadail éagsúla agus déanfar measúnú orthu

bunaithe ar fhaisnéis agus fianaise a chuirtear ar fáil san Fhoirm Iarratais agus faoi na critéir seo a leanas:

- Fianaise a léiríonn conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an maoiniú deontais atá beartaithe chun cur le Sprioc 4 de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 – 2029.
- Tá doiciméid agus faisnéis riachtanach curtha ar fáil e.g. fianaise ar chostas, fianaise ar an easnamh, cead, díolúine, toiliú, (más cuí).
- Fianaise a léiríonn gá leis na hearraí/seirbhísí nó éileamh orthu a bhfuiltear ag cur isteach ar an maoiniú deontais ina leith. D'fhéadfadh meastacháin maidir le líon na ndaoine a bhainfidh tairbhe as, agus conas a bhainfidh siad tairbhe as, a bheith mar fhianaise, mar shampla.
- Fianaise a léiríonn comhoibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí áitiúla eile.
- Fianaise go bhfuil an eagraíocht/grúpa atá ag déanamh iarratais á rialú go cuí, agus go bhfuil dea-theist agus dea-chlú orthu.
- Fianaise a léiríonn go gceannófar na hearraí ar fad agus/ nó go gcríochnófar na hoibreacha ar fad faoin **31 Deireadh Fómhair 2026**.
- Fianaise a léiríonn na bealaí ina bhfuil do thogra inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don timpeallacht agus conas a thacóidh sé leis an bpobal áitiúil agus le fiontair shóisialta tríd an bhfeachtas 'Buy Social'. Mar shampla, b'fhearr leis an gcoiste iarratais a fhaomhadh le haghaidh ríomhairí glúine athchóirithe arna soláthar trí fhiontar sóisialta ná cinn nua ó chuideachta ilnáisiúnta, nó foireann bord agus cathaoireacha athchúrsáilte nó arna bhfoinsiú go hinbhuanaithe ó shiopa carthanais áitiúil ná cinn nua ó shiopa troscáin mór. Le tuilleadh eolais a fháil, féach an feachtas "Buy Social" agus eolaire ar líne de chuid Líonra Fiontar Sóisialta na hÉireann https://buysocial.ie/directory/
- Méid an mhaoinithe nó na ndeontas a fuair sibh ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó ó aon Eagraíocht/Ghníomhaireacht Stáit eile le 8 mbliana anuas.
- Fianaise lena ndearbhaítear go bhfuil grúpaí ag obair i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

## Próiseas Íocaíochta

- Tar éis don CFPÁ cinneadh a dhéanamh, gheobhaidh gach tionscadal a faomhadh tairiscint i bprionsabal cúnaimh deontais, fad is go mbeidh gnásanna dlí agus riachtanais eile comhlíonta. Beidh sé sin faoi réir chomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ábhartha agus faoi réir ghlacadh sásúil an iarratasóra leis an tairiscint sin.
- Ní gá don ghrúpa a chuireann iarratas isteach a bheith cláraithe chun críocha cánach ach amháin i gcásanna ina dtabharfaidh aon íocaíocht an maoiniú iomlán do ghrúpa amháin le linn tréimhse 12 mhí go dtí méid níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh). Sna cásanna sin, beidh uimhir rochtana imréitigh cánach chomh maith le PSP/uimhir thagartha cánach ag teastáil.

## Fógra Príobháideachta maidir leis an gClár Feabhsúcháin Áitiúil

Leis an bhfógra príobháideachta seo, mínítear conas a bhailímid, a úsáidimid, a chomhroinnimid agus a choinnímid do chuid sonraí pearsanta. Leagtar amach leis freisin an bunús dlíthiúil lenár bpróiseáil agus cuirtear ár gcuid sonraí teagmhála ar fáil má bhíonn aon cheist agat.

### Cé Muidne?

Tá an Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ) 2026 maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta trí Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath (CFPÁ) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
Tá sé mar chuspóir ag an maoiniú seo tacú le heagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach atá ag lorg maoiniú do chostais chaipitiúla, gan tuarastal san áireamh, a rachaidh chun tairbhe na ndaoine atá ina gcónaí i gceantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

### Cúis le Próiseáil Sonraí Pearsanta?

Bailítear do chuid sonraí ionas go mbeimid in ann d'iarratas a phróiseáil chuig Deontas an Chláir Feabhsúcháin Áitiúil. Níl an leagan Gaeilge den fhoirm iarratais CFÁ ar fáil ach ar páipéar. Bíonn sé de dhíth ar iarratasóirí an fhoirm a líonadh amach, agus na téarmaí agus coinníollacha léite agus tuigthe acu, agus í a chur isteach roimh an spriocdháta chuig lcdc@dublincity.ie.

### Faisnéis Riachtanach?

Tá an fhaisnéis a bhailímid teoranta do 'sonraí pearsanta' e.g. ainmneacha teagmhálaithe, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin, a tugadh in éineacht le d'fhoirm iarratais. Agus an fhoirm iarratais á cur isteach agat, toilíonn tú go n-úsáidfimid sonraí pearsanta. Baintear úsáid as do chuid sonraí pearsanta chun d'iarratas a mheas. Is féidir toiliú a aistarraingt ag aon tráth i gcás go bhfuil próiseáil ag brath go hiomlán ar thoiliú uait.

### An Bunús Dlíthiúil maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil?

Foráiltear do bhunús dlíthiúil na próiseála sonraí pearsanta faoi Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ina luaitear:

66 (1) (a) San alt seo, folaíonn "cúnamh airgid nó comhchineáil" deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí nó cabhair airgeadais eile

66 (3) (a) "féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh de réir an dlí _ a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn"

66 (3) (b) "Chun críocha an ailt seo, measfar beart, gníomhaíocht nó rud a bheith ag cur leasanna an phobail áitiúil chun cinn más rud é go ndéanann an beart, an ghníomhaíocht nó an ní sin, go díreach nó go neamhdhíreach, uilechuimsitheacht shóisialach nó forbairt shóisialach, eacnamaíochta, comhshaoil, áineasa, chultúrtha, pobail nó ghinearálta limistéar riaracháin... an údaráis áitiúil lena mbaineann nó an phobail áitiúil... a chur chun cinn".

### Faisnéis Phearsanta a Chomhroinnt?

Chun d'iarratas a phróiseáil go hiomlán, comhroinnfear an fhaisnéis a chuirfear ar fáil le:

- Fochoiste Maoiniúcháin CFÁ de chuid Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Coiste Chathair Bhaile Átha Cliath um Fhorbairt Áitiúil Pobail
- Foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Fhorbairt Pobail Áitiúil
- Agus/nó Ranna/Rannóga Inmheánacha eile de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, de réir mar is cuí
- Ionadaithe Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
- Comhlachtaí deonacha agus aon chomhlachtaí údaraithe eile a d’fhéadfadh, inár dtuairim, cabhrú le d’iarratas a mheas.

## Tréimhse Choinneála?

Ní choinneoimid do chuid sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun an cuspóir ar bailíodh iad dó a chomhlíonadh. Má éiríonn le hiarratasóir, coinneofar a gcuid sonraí ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis don deontas a dhámhachtain. I ndiaidh na tréimhse sin, déanfar aon doiciméid pháipéir a stialladh agus scriosfar gach taifead leictreonach go huathoibríoch.

Beidh rochtain theoranta ag baill foirne ainmnithe ar aon fhaisnéis atá sábháilte ar thiomántáin chomhroinnte.

I gcás iarratais nár éirigh leo nó iarratais neamhiomlána, coinneofar an fhaisnéis sin ar feadh tréimhse bliana amháin i ndiaidh an cinneadh a ghlacadh, agus i ndiaidh na tréimhse sin, déanfar aon doiciméid pháipéir a stialladh agus scriosfar gach taifead leictreonach go huathoibríoch. Beidh rochtain theoranta do bhaill foirne ainmnithe ar aon fhaisnéis i dtaca le hiarratais nár éirigh leo atá sábháilte ar thiomántáin chomhroinnte.

## Sonraí Teagmhála?

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le próiseáil sonraí pearsanta, déan teagmháil le Forbairt Pobail agus Shóisialta, Cultúr, Áineas Pobail agus Seirbhísí Ceantair, T: 01 222 3405 nó T: 01 222 2192.

Tá sé de cheart agat cóip de do chuid sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a iarraidh.

Tá sé de cheart agat do chuid sonraí pearsanta a athrú nó a bhaint i gcúinsí áirithe freisin.

Chun teacht ar do chuid sonraí nó chun gearán a dhéanamh, déan teagmháil leis an Oifig um Chosaint Sonraí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí Cathartha, Baile Átha Cliath 8, trí ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection@dublincity.ie nó Teil.: 01 2223775.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar ár seoladh gréasáin https://www.dublincity.ie/privacy-policy/privacy-notices

Mar fhocal scoir, mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi a bhfreagraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d’iarratas, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig info@dataprotection.ie. Is féidir féachaint ar a suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh eolais: www.dataprotection.ie, nó scríobh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, D02 X963, Éire.

## Cuntasacht agus Rialachas Corparáideach

- Beidh ar iarratasóirí cloí leis an gcaighdeán is airde trédhearcachta agus cuntasachta mar atá le sonrú i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistiú agus Cuntasacht le haghaidh Deontas ó Chistí Stáit http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf
- Is é an prionsabal ginearálta ná gur cheart go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ann maidir le bainistiú cistí poiblí, de réir barainneachta, éifeachtachta agus éifeachtúlachta. Luaitear sa chiorclán, mar shampla, nár cheart d'fhaighteoirí sócmhainní arna maoiniú go poiblí a dhiúscairt gan chead roimh ré.
- Tá an Roinn ag spreagadh comhlachtaí maoinithe chun glacadh leis an gCód Rialaithe, atá ina Chód Cleachtais chun Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta a Dhea-Rialú, rud a chuideoidh le barr feabhais a bhaint amach i ngach réimse oibre. Tríd an gCód Rialaithe, iarrtar ar ghrúpaí a chomhaontú go gcuirfidh siad príomhphrionsabail i bhfeidhm chun a ngrúpa a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtaí i réimsí amhail ceannaireacht, trédhearcacht agus cuntasacht agus go bhfeidhmeoidh siad le macántacht. Tá níos mó eolais faoin gCód ar fáil ag app.governancecode.ie

## Faisnéis Bhreise

- Níl aon teorainn ar an líon iarratas le haghaidh tograí éagsúla ó aon ghrúpa amháin. Ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar an eolas, áfach, go mbeidh cur chuige cothromais/cothroime ag CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath chun dáileadh cothrom an mhaoinithe a chinntiú.
- Tá an Clár 100% maoinithe ag an státchiste. Tá sé de cheart ag iarratasóirí maoiniú eile a ghiaráil/maoiniú a mheaitseáil le haghaidh tionscadal cé nach bhfuil sé sin riachtanach faoin gclár seo.
- Is é freagracht an iarratasóra a chinntiú nach sáraítear rialacha na scéime/an chláir eile má úsáidtear an Clár seo chun tionscadal a chómhaoiniú. Déan cinnte, le do thoil, go rachaidh tú i dteagmháil leis na riarthóirí nó leis an gcomhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár maoiniúcháin eile i dtaca leis seo.
- Ní mheasfar mar incháilithe ach tionscadail a chomhlíonann na critéir a leagtar amach thuas.
- Úsáid faisnéise - bainfear úsáid as an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ar an bhfoirm chun críocha an phróisis deontas a mheas agus a riar agus chun iniúchtaí agus aon chuairteanna ar an láthair a éascú. Agus iad ag déanamh measúnú ar na hiarratais a gheofar, féadfaidh CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath comhairle a iarraidh agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus féadfaidh siad faisnéis maidir le tionscadail atá faoi bhreithniú a nochtadh do na saineolaithe agus na gníomhaireachtaí sin.

## Conas iarratas a chur isteach

Cinntigh, le do thoil, go léifidh tú an doiciméad seo in éineacht leis na Téarmaí agus Coinníollacha atá leagtha amach in Aguisín 1 thíos, de Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026.

Seol an fhoirm iarratais, líonta amach agus sínithe, chomh maith leis na doiciméid tacaíochta trí ríomhphost chuig lcdc@dublincity.ie roimh 13.00, Aoine 27 Feabhra, 2026.

Má tá aon cheisteanna agat maidir le d'iarratas a chur isteach, téigh i dteagmháil le Sarah Fagan ag 087 758 9980 nó le Molly Maher ag 086 164 4897.

## Aguisín 1 – Téarmaí agus Coinníollacha

- Tacóidh Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 le heagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach atá lonnaithe in Éirinn (go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste), le costais chaipitiúla, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.

- Ní chuireann Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 maoiniú ar fáil le haghaidh íocaíocht nó fostaíocht foirne. I measc na gcostas neamh-incháilithe, tá costais foirne lárnacha, i.e. ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Pinsin.

- Ní féidir earraí a cheannach agus/nó oibreacha a dhéanamh sula bhfógraíonn an Roinn go hoifigiúil na tionscadail ar éirigh leo.

- Sna hiarratais ar mhaoiniú faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026, ní mór an chaoi a gcuirfidh an maoiniú le Sprioc 4 de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 – 2029 a léiriú.

- Ní mór d'iarratasóirí a bheith cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Chathair Bhaile Átha Cliath. Ní mór uimhir LRP uathúil a bheith ag gach grúpa/eagraíocht a chuireann iarratas isteach. Is féidir le baill atá cláraithe le LRP a n-uimhir LRP a aimsiú anseo: https://dublincityppn.ie/members/. Chun iarratais a chur isteach amach anseo, is féidir le do ghrúpa/eagraíocht clárú le LRP Chathair Bhaile Átha Cliath ag: https://dublincityppn.ie/join.

- Cuirfear maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí nó grúpaí neamhbhrabúis, pobalbhunaithe agus/nó san earnáil dheonach atá lonnaithe in Éirinn agus a chuireann gníomhaíochtaí agus seirbhísí ar fáil a bhíonn ar siúl i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó a théann chun tairbhe dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu sa limistéar sin.

- Ní mór don fhaisnéis a chuirfidh an eagraíocht/grúpa iarratasóra ar fáil a bheith cruinn, iomlán agus deimhnithe le síniú. D'fhéadfadh go mbeadh dícháiliú agus/nó aisíoc aon deontais a bhronnfar mar thoradh ar mhífhaisnéis.

- Forchoimeádann An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart liosta de gach deontas a bhronntar a fhoilsiú, lena n-áirítear ainm agus limistéar ginearálta an ghrúpa a bhfuil maoiniú á fháil aige.

- Féadfaidh An Roinn, CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath nó Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iniúchtaí a dhéanamh nó cuairteanna gan choinne ar an láthair a thabhairt le deimhniú go bhfuil na téarmaí agus coinníollacha á gcomhlíonadh.

- Féadfar go mbeidh ábhar taifeadta i ngach foirm (grianghraif, físeáin, etc.) á éileamh ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena fhoilsiú ar shuímh meán sóisialta/nuachtlitreacha, etc. chun na deontais atá ar fáil agus arna mbronnadh a chur chun cinn. Is é freagracht an iarratasóra a chinntiú go gcloítear leis an RGCS agus go bhfuil toiliú tugtha maidir le foilsiú ag gach rannpháirtí san ábhar taifeadta a chuirtear isteach. Faoi réir an riachtanais go léireoidh gach deontaí go bhfuil toiliú scríofa acu ó thuismitheoirí/caomhnóirí chun gach ábhar taifeadta a úsáid agus a scaipeadh i ngach foirm (grianghraif, físeáin etc.) ina bhfuil cleithiúnaithe páiste le feiceáil, is féidir le

deontaithe dul i mbun cumarsáide trí úsáid a bhaint as meáin mheasctha a bhaineann lena dtogra i gcomhair tionscnaimh agus/nó deontas.

- Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm ar gach taifead atá á choinneáil ag an Roinn agus ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, féadfar sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh le tríú páirtithe, ach iad a iarraidh. Má tá faisnéis i d'iarratas atá íogair nó faoi rún, sainaithin í le do thoil agus tabhair míniú cén fáth nár cheart í a nochtadh. Má fhaightear iarratas faisnéis íogair a scaoileadh faoin reachtaíocht, rachfar i gcomhairle leat roimh chinneadh maidir leis an fhaisnéis a scaoileadh nó gan í a scaoileadh. Mura sainaithnítear faisnéis mar fhaisnéis íogair, féadfar í a nochtadh gan aon chomhairliúchán leat

- Is é freagracht gach grúpa a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus polasaithe cuí i bhfeidhm aige, lena n-áirítear árachas cuí nuair is gá. Sa chás go n-éiríonn le grúpa, tá gá le slánaíocht shonrach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, nótáilte ar do Pholasaí Dliteanais Phoiblí, i dtaca leis an deontas a fuarthas ó Chlár Feabhsúcháin Chathair Bhaile Átha Cliath 2026.

- Is é freagracht gach grúpa/eagraíochta iarratasóra a mheas an gclúdaíonn an chatagóir sheirbhíse ábhartha de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 an tseirbhís a chuireann siad ar fáil. Má mheasann an grúpa/eagraíocht iarratasóra go gclúdaíonn an chatagóir sheirbhíse ábhartha de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, an tseirbhís a chuireann siad ar fáil, tá an grúpa/eagraíocht iarratasóra sin freagrach as gach ceanglas a bhaineann le Cumhdach Leanaí de réir an Achta sin a chur i bhfeidhm. Déan tagairt, le do thoil, do TUSLA chun a fháil amach cad a mheastar a bheith ina sheirbhís ábhartha faoin Acht ag https://www.tusla.ie/children-first/children-first-2017/relevant-services/

- Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil gach cead nó toiliú faighte sula dtosófar aon oibreacha tógála, i gcásanna a bhfuil sé sin ag teastáil. Áirítear leis sin toiliú úinéara/tiarna talún, toiliú ríochta poiblí, ceadanna pleanála agus comhlíonadh rialaithe tógála ach níl sé teoranta dóibh.

- Caithfear na hearraí agus seirbhísí nó oibreacha ar fad atá faofa faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a sholáthar i gcomhréir le beartas soláthair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus caithfear fianaise a chur isteach chun aon mhaoiniú ceadaithe a tharraingt anuas:
    - ➢ Le haghaidh earraí agus seirbhísí ginearálta nach mó ná €12,500 (gan CBL san áireamh) ní mór d'iarratasóirí meastachán amháin a lorg lena bhféadfaí glacadh má mheastar go bhfaighfear luach ar airgead.
    - ➢ Le haghaidh earraí agus seirbhísí idir €12,500 agus €25,000 (gan CBL san áireamh), ní mór trí mheastachán ar a laghad (ceann amháin in aghaidh an tsoláthraí) a lorg ó sholáthraithe inniúla
    - ➢ Le haghaidh oibreacha agus seirbhísí a bhaineann le hoibreacha idir €0 agus €200,000 (gan CBL san áireamh), ní mór cúig mheastachán ar a laghad (ceann amháin in aghaidh an tsoláthraí) a lorg ó sholáthraithe inniúla.

- Ní gá don ghrúpa a chuireann an t-iarratas isteach a bheith cláraithe chun críocha cánach. Mar sin féin, ní mór d'aon ghrúpa iarratasóra atá cláraithe chun críocha cánach a bheith cáin-chomhlíontach. De réir nósanna imeachta athbhreithnithe um imréiteach cánach, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) agus an Uimhir Thagartha Cánach a chur isteach chun críocha deimhnithe.

- Déanfar íocaíochtaí le hiarratasóirí rathúla in 2026 isteach i gcuntas bainc tiomnaithe an ghrúpa. Ní féidir íocaíochtaí a dhéanamh chuig cuntais phearsanta bhainc.

- Forchoimeádann CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath an ceart an maoiniú a thairgtear a athshannadh do thionscadal faofa eile mura gcomhlíontar ceann ar bith de na riachtanais laistigh de thréimhse réasúnta. Ní mór dóibh an Roinn a chur ar an eolas go bhfuil sé i gceist acu é sin a dhéanamh.

- De réir rialacháin airgeadais, ní mór do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach íocaíocht a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid (RAA). Ní mór do gach iarratasóir rathúil Foirm RAA a líonadh amach agus a chur isteach in éineacht le sonraí bainc an ghrúpa ar bhealach tráthúil. Ní féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon íocaíocht a eisiúint a thabharfaidh maoiniú iomlán le linn tréimhse 12 mhí go dtí méid níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) gan uimhir rochtana imréitigh cánach a fháil, chomh maith le huimhir PSP/uimhir thagartha cánach. Más cuí, caithfear na sonraí sin a chur isteach freisin.

- Caithfear na hearraí ar fad a cheannach agus/ nó na hoibreacha ar fad a chur i gcrích **faoin 31 Deireadh Fómhair 2026**. Rachaidh aon mhaoiniú nach dtarraingítear anuas faoin **18 Nollaig 2026** ar ais chuig an Roinn.

- Caithfidh eagraíochtaí/grúpaí a mhaoinítear faoi Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a gcaiteachas dearbhaithe a choinneáil go ceann **6** bliana ar chúiseanna iniúchta. Caithfear fianaise ar chaiteachas, **admhálacha/ sonraisc, marcáilte mar íoctha ag an soláthraí nó cruthúnas íocaíochta e.g. cóip de ráiteas bainc**, a choinneáil agus a chur ar fáil do CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath nó dá ionadaí roimh an **30 Samhain, 2026**, chomh maith le tuairisc ghairid ar an gcaoi a ndeachaigh an tionscadal chun tairbhe do cheann amháin nó níos mó de na sé spriocghrúpa a shainaithin CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath mar thosaíocht agus ar an gcaoi ar chuidigh an tionscadal le Sprioc 4 de Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2024 - 2029. **Ní mór grianghraif a chur isteach mar fhianaise ar chaiteachas freisin.**

- Ní íocfar CBL ach sa chás go mbíonn sé san áireamh i méid an iarratais. Ní ghlacfar le haon iarratais eile ar íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí CBL.

- Ní mór an Roinn, CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a aithint go poiblí i ngach ábhar fisiceach, ar líne agus ar na meáin shóisialta a bhaineann leis an deontas, nuair is féidir.

- Ní ceadmhach an maoiniú a thairgfear a úsáid ach chun na gcríoch a leagtar amach san iarratas.

- De ghnáth, ní dhéanfar aon iarratais tríú páirtí nó idirmheánacha a mheas.

- Agus an t-iarratas seo á chur isteach, tá an eagraíocht/grúpa ag dearbhú nach bhfuil an maoiniú acu chun tabhairt faoin obair/tionscadal gan an chabhair dheontais seo nó, de rogha air sin, go mbainfidh an grúpa a chuireann an t-iarratas isteach úsáid as an deontas le tabhairt faoi thionscadal níos mó, nach mbeadh inacmhainne dóibh gan an maoiniú sin.

- Ní mór an t-iarratas ar Chlár Feabhsúcháin Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a bheith údaraithe ag Cathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir na heagraíochta/an ghrúpa atá ag déanamh an iarratais.

- Tá seans go n-iarrfar tuilleadh faisnéise – forchoimeádann CFPÁ Chathair Bhaile Átha Cliath an ceart tuilleadh faisnéise a iarraidh ort chun an t-iarratas a mheas, más gá.

- Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann d'eagraíocht/grúpa na riachtanais go léir a luaitear istigh anseo nó sna treoirlínte iarratais go hiomlán agus go gcuirtear an t-iarratas isteach chuig lcdc@dublincity.ie faoin spriocdháta is infheidhme. Beidh aon teip theicneolaíochta nó cur isteach ar sheirbhísí idirlín a bhaineann le cur isteach an iarratais ar phriacal an iarratasóra agus ní ghlacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le dliteanas ar bith má mhainnítear an t-iarratas a chur isteach nó má dhiúltaítear é toisc gur cuireadh isteach ródhéanach é.

- Coinneofar go leictreonach aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil i leith an iarratais seo. Chun an t-iarratas a phróiseáil féadfaidh sé a bheith riachtanach sonraí pearsanta a bhailiú uait. Is féidir go n-iarrfar tuilleadh faisnéise ort. Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart tuilleadh faisnéise a iarraidh ort chun d'iarratas a mheas, más gá. Déanfar an fhaisnéis sin a phróiseáil i gcomhréir le Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féach Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anseo: https://www.dublincity.ie/privacy-policy/privacy-statement

- Ní ghlacfar le hiarratais tríd an bpost: ní mór gach iarratas a chur isteach go leictreonach.

- D'fhéadfadh smachtbhannaí a bheith mar thoradh ar shárú ar théarmaí agus coinníollacha na scéime deontais, mar shampla: cosc ar iarratais deontais a chur isteach amach anseo.

- Caithfear go han-dáiríre le faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chuirtear isteach ag céim ar bith. Beidh grúpa ar bith nach gcloíonn le téarmaí agus coinníollacha an Chláir faoi réir cigireachta, féadfar a dheontas a tharraingt siar agus féadfar go mbeidh air deontas iomlán nó cuid de a aisíoc agus/nó féadfar cosc a bheith air iarratais eile a chur isteach ar feadh tréimhse áirithe. Fógrófar gach sárú tromchúiseach ar théarmaí agus coinníollacha an Chláir don Gharda Síochána.